Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2023
(OR. en)

11793/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0223(COD)**

**CODEC 1358**
**TRANS 309**
**CLIMA 352**
**ECOFIN 769**
**AVIATION 137**
**MAR 97**
**ENV 844**
**ENER 443**
**IND 388**
**COMPET 757**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 9 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 26 Eanáir 2022[3].

---

[1] 10877/21 + ADD 1 go 7 + ADD 2 REV 1.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 138.
[3] IO C 270, 13.7.2022, lch. 38.

4. An 11 Iúil 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle[4] in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 25/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Pholainn agus an Rómáin ag vótáil ina choinne, agus an Iodáil agus an Laitvia ag staonadh ón vótáil.

6. Mura mbeidh aon chruinniú córam ag an gComhairle roimh an 26 Iúil 2023, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE mar a leagtar amach in PE-CONS 25/23.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 11454/23.